Do Thuairimí féin ar na Moltaí

Tá tábhacht le do chuid tuairimí agus tá siad ina gcuidiú againn chun cinntí níos fearr agus níos feasaí a dhéanamh.

Más mian leat aighneacht a dhéanamh, féadfaidh tú sin a dhéanamh i scríbhinn chuig:

Bainisteoir Feidhmiúcháin
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
An Roinn Pleanála
Bloc 4, Urlár 0
Oifigí na Cathrach
An Ché Adhmaid
Baile Átha Cliath 8

Is é an tráth is déanaí chun aighneachtaí a ghlacadh 4.30pm, Dé Luain, 23 Samhain 2009.

An Cinneadh i ndiaidh Comhairliúcháin

I ndiaidh thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí ullmhófar tuarascáil ina ndéanfar cur síos ar na ceisteanna agus ar na tuairimí a fuarthas agus tabharfar freagraí orthu. Déanfar cinneadh ansin faoi ar chóir cead pleanála a thabhairt don togra. Beidh an toradh ar fáil fosta ar an suíomh gréasáin *www.dublincity.ie* (cliceáil ar an nasc Quality Bus Network Project Office sa Roinn Roads and Traffic ar an Leathanach Baile).

Sonraí an Taispeántais Phoiblí

Beidh líníochtaí na scéime atá molta ar fáil lena n-iniúchadh i rith gnáthuaireanta oibre ó 25 Meán Fómhair 2009 go dtí 6 Samhain 2009 ag na láithreacha seo a leanas:

- Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8.
- Oifigí Cheantair an Lárthuaiscirt, Bóthar Bhunraite, An Chúlóg, Baile Átha Cliath 17.

Is féidir líníochtaí den scéim a mholtar a fheiceáil fosta ag *www.dublincity.ie* i rith thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí.

QualityBusNetwork

QualityBusNetwork

BILEOG EOLAIS

Mórlána Bus Bhóthar Pholl An Bhalla

(Críochnú Scéim MB Bhóthar Pholl an Bhalla)
Bóthar Pholl an Bhalla agus Bóthar na Gráinsí,
Baile Átha Cliath 13

Dublin City
Baile Átha Cliath

NDP
National Development Plan
Transforming Ireland

dto
Dublin
Transportation Office

Réamhrá

Tá Oifig Tionscadail na Mórlánaí Bus i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i ndiaidh réamhphlean a ullmhú chun MB Bhóthar Pholl an Bhalla a chríochnú. Cuirfear acomhal faoi threoir sraith iomlán soilse tráchta in ionad an chompail atá anois ann áit a dtagann Bhóthar na Gráinsí agus Bhóthar Pholl an Bhalla le chéile. Déanfar ailíniú ar acomhal Bhóthar Mhainistir na Gráinsí agus Bhóthar Pholl an Bhalla agus cuirfear soilse tráchta ann. Soláthrófar saoráidí faoin Scéim d'úsáideoirí gan chosaint amhail rothaithe agus coisithe, agus daoine mallghluaiste san áireamh.

An Bealach mar atá faoi láthair

Is ceantar cónaithe é a bhfuil a lán seirbhísí áitiúla in aice leis agus ina measc sin tá sé scoil, dhá pháirc mhóra, dhá limistéar mhóra siopadóireachta agus eaglais. Dá bhrí sin bíonn a lán turas áitiúil ar siúl.

Tá cuid de MB Bhóthar Pholl an Bhalla déanta cheana lastuaidh de Bhóthar Mhainistir na Gráinsí agus tá an chuid go dtí Bóthar na Gráinsí le críochnú.

Bíonn sé deacair ag úsáideoirí bóthair gan chosaint amhail rothaithe agus coisithe a mbealach a dhéanamh thart ar an gcompal ag Bóthar na Gráinsí. Bíonn plódú tráchta ann le linn amanna buaice, rud a chuireann moill ar bhusanna.

Cuspóirí na Scéime

- Freastal ar riachtanais iompair an cheantair amach anseo agus úsáid á baint as modhanna inbhuanaithe go háirithe.
- Amanna na dturas bus a ghiorrú.
- Saoráidí a fheabhsú d'úsáideoirí bóthair gan chosaint.
- An bealach a fheabhsú do rothaithe.
- Cur le sábháilteacht gach úsáideora bóthair.

Gearrthuairisc ar na Moltaí

Cuirfear na nithe seo a leanas ar fáil faoin scéim:

- Cuirfear acomhal faoi threoir sraith iomlán soilse tráchta in ionad an chompail atá anois san áit a dtagann Bóthar Pholl an Bhalla agus Bóthar na Gráinsí le chéile agus beidh trasrian coisithe ar cheithre bhóthar uile an chompail.
- Déanfar ailíniú ar acomhal Bhóthar Mhainistir na Gráinsí agus Bhóthar Pholl an Bhalla agus cuirfear soilse tráchta, trasrianta túcánacha agus trasrianta coisithe ann.
- Beidh lánaí nua bus ar Bhóthar na Gráinsí ón acomhal ag Bóthar Pholl an Bhalla, fad 410m i dtreo Bhaile Dúill chun síneadh a chur le busbhealach 29A Bhus Átha Cliath. Lánaí bus agus rothar le chéile a bheidh sna lánaí bus a mholtar agus beidh siad i bhfeidhm ó 0700-1900 a chlog, Luan go Satharn.
- Cuirfear le fad na lánaí bus ar Ascaill Halla an Chláir isteach agus ar Bhóthar Pholl an Bhalla amach go dtí an t-acomhal le Bóthar na Gráinsí.
- Tógfar cosán nua ar an taobh thuaidh d'Ascaill Halla an Chláir ón acomhal a fhad leis an stad bus os comhair an chosáin isteach chuig Ascaill Ghort an Leamháin.
- Atógfar na cosáin agus na rotharbhealaí easbhóthair ar fud na scéime nuair is gá.
- Cuirfear trasrianta túcánacha in ionad trasrianta coisithe ar Bhóthar na Gráinsí ag an acomhal le Corrán Mhainistir na Gráinsí agus os comhair Pháirc Dhomhnach Míde.
- Cuirfear lána rothair ar Bhóthar Pholl an Bhalla agus ar Bhóthar na Gráinsí ar an mbealach isteach.
- Cuirfear scáthláin nua ag na stadanna bus atá ann agus ardófar na colbhaí chun iad a uasghrádú.

Tionchar Foriomlán na Scéime

Feabhsófar saoráidí do bhusanna, do rothaithe agus do choisithe agus cuirfear le sábháilteacht gach úsáideora bóthair de bharr an togra.

Scála Ama agus Maoiniú

Is é an rún é go gcuirfear tús le hobair na scéime in earrach 2010 agus go mbeidh sí críochnaithe laistigh de bhliain amháin.

Tá an tionscadal le maoiniú 100% a fháil trí Dheontas Bainistíochta Tráchta ó Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath.